Máirtín Ó Maolmhuaidh

Tír Eoghain

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Tá mé sásta leis na dualgais reatha thuas luaite ach ba cheart agus ba chóir go bhfanfadh OIfig an Choimisinéara Teanga neamhsplách le go ndéanfaí monatóireacht ar na seirbhísí poiblí agus go gcuirfí an tAcht i bhfeidhm mar is ceart.ba chóir an chéad teagmháil le saoránach a dhéanamh go dhátheangach, le go bhfuil rogha teanga aige/aici. Caithfear na dualgais a leasú ar an dóigh seo.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Nior mhiste liom féin mura mbeadh na mórdhoiciméid de chuid an rialtais ach ar fáil i nGaeilge go leictreonach. Ina dhiaidh sin is uile, caithfidh muid freastal orthu siúd nach bhfuil fáil acu ar an idirlíon go fóill. An fhadhb ata ann, ní cuirtear na dualgais i gcríoch mar ba chóir. Caithfear forfheidhmiú an Achta a neartú, mar aon le ról an Choimisinéara Teanga.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba cheart cloí leis na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh 391 de 2008)

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Níl a dhath ar bith cearr leis an chóras mar atá sé dá gcuirfí i bhfeidhm mar ba cheart é ach caithfidh Oifig an Choimisinéara Teanga súil ghéar a choinneáil air sin agus ni mór d'Oifig an Choimisinéara Teanga a bheith neamhspleách leis sin a dhéanamh mar is ceart, dar liom.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
bíonn laigí ar leith i reachtaíocht scéim-bunaithe. Molaim cur chuige ceart-bunaithe. Ní mór don Acht líon suntasach de chearta ráthaithe a chruthú sna cúirteanna, sna hinstitiúidí polaitíochta, sa chóras oideachais agus sna meáin. Caithfear leasaithe a dhéanamh san Acht le ceart ráthaithe a chruthú maidir le hoideachas trí Ghaeilge. Caithfear soláthar agus rochtaínn ar Ghaeloideachais a éascú agus a fhorbairt fud fad an dlínse leis an ceart seo a fhíorú. Caithfear ceart a chruthú maidir le teagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla chomh maith. Caithfear ceart an duine leis an teanga a fhoghlaim a ceangal le dualgais cinnte, soiléir an stáit le ranganna, cúrsaí cuí agus soláthar foghlama cuí eile a chur ar fáil Ní mór tacú le ról agus le hobair An Choimisinéir Teanga ó dheas

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl mé go huile is go hiomlán sásta le seirbhísí na gcomhlachtaí poiblí atá a sholáthar don phobal sa Ghaeltacht tri mheán na Gaeilge. Is minic nach mbíonn mórán Gaeilge

ag oifig an fháilteora, ag an deasc chun tosaigh, ag an bheár. Gach seirbhís atá ar fáil sa Ghaeltacht a chur ar fail trí Ghaeilge agus iad a fhógairt ar bhonn tairisceana.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Mura mbíonn cumas maith Gaeilge labhartha ag duine ar bith a bhíonn ag obair in áit poiblí, ag oifig an fháilteora, ag an deasc chun tosaigh, ag an bheár, cad chuige nach gcuirtear dianchúrsa Gaeilge ar fáil do na daoine siúd agus ba cheart ansin go ndéanfaí scrúdú labhartha leis na hoibrithe siúd ina dhiaidh sin le bheith cinnte go bhfuil an dothainin Ghaeilge acu don phost áirithe sin.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is léir nach bhfuil na forálacha atá i bhfeidhm láidir go leor. Is fíorannamh a chuireann Teach an Oireachtais, na Cúirteanna agus araile, ráiteas amach i nGaeilge. Is sampla cruthanta e seo go bhfuil géargha go fóill le go ndéanfaí monatóireacht ar an chóras agus go gcuirfí Acht na Gaeilge i bhfeidhm mar is ceart in ionad a bheith ag laghdú róil ná cumhachtaí OIfig an Choimisinéara Teanga. Ní cuirtear i gcónaí an Acht i gcríoch mar ba chóir. Tá 'leasaithe' déanta ar an Acht le bliain anuas a fhágann é níos laige. Ní mór leigheas cúirte a bheith ann chomh maith le cúiteamh airgid nuair nach gcuirtear an tAcht i bhfeidhm.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar gach chomhlacht poiblí, ar gach roinn agus gach rannóg stáit chomh maith le seirbhís phoiblí ar bith eile atá ann, ba cheart go mbeidís go léir in ann feidhmiú ar chumas éifeachtachta trí mheán na Gaeilge. Ta liosta fada ann ach mura gcuirtear i gcríoch an tAcht, cad is fiú an liosta. Caithfear forfheidhmiu an Achta a neartú, mar aon le hoifig an Choimisinéara, agus caithfear fochonraitheoirí na gcomhlachtaí poiblí a chur faoi cheangal an Achta chomh maith.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Is í mo thuairimse nár chóir go mbainfí stádas neamhspleáchais d'Oifig an Choimiisinéara Teanga ar chor ar bith. Ní luíonn sé le ciall go mbeadh ball den rialtas nó ball de Roinn no de Rannóg an Rialtais ag déanamh monatóireachta ar an chóras, ar a roinn nó rannóg féin ach go háirithe. Ba cheart go gcuifrfí le cumhachtaí an choimisinéara in ionad a bheith ag bhaint dena neamhspleáchas na dá chumhachtaí. Tá tábhacht ar leith le ról an Choimisinéara. Ní mór ról agus acmhainní na hoifige a neartú.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Ní thuig liom smaoineamh ar mhórán eile. Cur chuige ceart-bunaithe, leigheas cúirte, scéim chúitimh, neartú an Choimisinéara.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Comhfhreagras i nGaeilge amháin i nginearálta atá uaimse. Foirmeacha dátheangacha.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil na hÉireann ach is annamh agus fíorannamh a chluintear an Ghaeilge á labhairt ar dtús ag duine ar bith, seachas Oifigeach na Gaeilge, agus é nó í ag freagairt gutháin, ag labhairt ag an deasc chun tosaigh aguas araile. Tá géar ghá le dianchúrsa dea-chleachtas i nGaeilge, dar liomsa, le go gcluinfidh muid céad teanga na hÉireann ar bhonn laethúla. I mo bharúil seo liosta beag de na fadhbanna; easpa dáiríreachta an stáit, easpa cearta ráthaithe, easpa tacaíochta chuí d’oifig an Choimisinéara ón rialtas

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Cur chuige ceart-bunaithe, leigheas cúirte, scéim chúitimh, neartú an Choimisinéara.